# Ag machnamh ar mo thaithí mar fhoghlaimeoir teanga

**CEIST: Cad iad na teangacha a labhrann tú?**

**Buachaill**: Thosaigh mé ag foghlaim Spáinnise sa chéad bhliain. Agus gan amhras Béarla. Labhraim Gaeilge chomh maith.

**Cailín**: Labhraim Béarla, Gaeilge agus Fraincis ar scoil agus teanga dúchasach mo mháthair Yoruba. Bhí sé mar go raibh mo mháthair ag labhairt an Yoruba liom agus bhí mo athair ag labhairt an Béarla. Fós labhraítear an dhá teanga liom. Ní féidir liom é a labhairt go hiomlán. Déanaim iarracht é labhairt le mo mháthair agus déanann sí iarracht freisin mé a cheartú ionas go mbeidh mé i gceart nuair a labhraim le mo sheanmháthair 's mo sheanathair.

**CEIST**

**Cailín**: Bhuel phioc mé an Fhraincis mar cheap mé ar dtús go mbeadh sé níos éasca mar labhrann m'athair é. Ach ní raibh sé sin an cás. Mar ansin nuair a tháinig mé chuig an céad bhliain, dúirt sé "bhuel, is féidir leat é a labhairt túféin, beidh tusa ag déanamh an cleachtadh" agus bhí mé "táim I m'aonar anois?" ach bhí sé sin, ceapaim, an rud is fearr dom. Agus ní raibh sé de bharr m'athair gur thaitin sé liom. Thaitin sé liom de bharr go raibh mé ag déanamh cleachtadh air sa bhaile agus ag éisteacht le rudaí sa bhaile agus ag déanamh mo dhícheall rudaí a fhoghlaim...conas é a fhoghlaim i gceart.

**CEIST Cad a thug tú faoi deara faoin gcultúr agus tú ag foghlaim na teanga?**

**Buachaill**: Tá spóirteanna difriúla acu. Bíonn caithimh aimsire eile difriúla acu. Ach ó thaobh aon rud eile de, ní dóigh liom go raibh mórán difríochtaí.

**CEIST: Cad a chabhraíonn leat teangacha a fhoghlaim?**

**Buachaill**: An-cuid botúin! Rinneas iarracht é a foghlaim de ghlanmheabhar ón scríobhneoireacht ag tús an chéad bhliain. Níor oibrigh sé domsa sna scrúduithe samhraidh ansin. Bhíos ag trialadh rudaí éagsúla. Ach ag an deireadh, fuaireas go dtaitníonn sé liom bheith ag caint os ard. Botúin a dhéanamh… Foghlaimíonn tú ó na botúin i bhfad níos mó.

**Cailín**: Ceapaim go gcaithfidh tú é a dhéanamh cúpla uair chun a thuiscint… "ok, táim ag déanamh an botún seo alán. Tá sé seo an-comónta. Cad atáim ag déanamh mícheart? " Deireann mo chairde liom an aiseolas freisin. B'fhéidir sa rang, nuair a deireann an múinteoir "tóg amach d'obair bhaile", déanaimid malartú ar ár n-obair bhaile chun a fheiscint... "Ó, rinne tusa é seo…" - rudaí nach mbeadh mé in ann a thuiscint , bheadh siad in ann a thuiscint. Déanaim é sin freisin.

**Buachaill**: B'fhéidir go dtarlóidh sé uair nó dhó eile ach tar éis cúpla uair tá fios agam ansin gan an botún sin a dhéanamh arís.

**Cailín**: Bhí orainn teanga nua a fhoghlaim- an Sínis. Ag an tús, d'úsáid mé na rudaí a d'úsáid mé leis an bhFraincis ach níor oibrigh sé dom.  Bhí orm slí éigin eile (a aimsiú). D'fhéach mé ar físeanna agus conas a bhí daoine eile á dhéanamh.  D'fhoghlaim mé i slí difriúil, chun é a rá. Thaitin sé liom chun a bheith á rá rudaí os ard agus é a rá cúpla uair go dtí go raibh sé agam.

**Buachaill**: Le linn ranganna Spáinnise, bíonn an múinteoir ag iarraidh comhrá bheith againn lena chéile. Ceapaim go cabhraíonn sé sin go mór. Bíonn daoine a bhíonn ag rá an rud céanna i gcónaí, agus tá sé go breá, beidh fios acu conas an frása sin a rá go deo. Ach má chuireann tú focail eile isteach, i gcónaí bíonn do fhoclóireacht i bhfad níos mó.

**Cailín**: Taitníonn cluichí liom mar bíonn sé go maith chun foghlaim i slí spraoiúil. Taitníonn sé sin liom freisin.

**Buachaill**: Bheith ag labhairt lena chéile faoi cén focal atá ceart san áit seo, cén saghas gramadaí…

**CEIST: Cad é an rud is fearr leat faoin teanga a fhoghlaim?**

**Buachaill**: An rud is mó a thaitin liom ná… chuaigh mé ar laethanta saoire chuig an Spáinn. Bhí mé ann le mo chlann. Chuamar isteach chuig bialann agus tháinig an freastalaí thall agus bhí sé ag iarraidh an órdú a thógaint ó mo thuistí mar is siúd na daoine is aosta a bhí ann, ach ní raibh cliú dá laghad acu cad a bhí á rá ag an bhfreastalaí! Bhíos in ann an órdú a thabhairt don bhfreastlaí. D'fhéach mo chlann orm, lena mbéil oscailt… WOW! Thug sé sin muinín dom an Spáinnis a labhairt níos mó ansin.